C/2025/6455

4.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6455)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Paška sol'

Uimhir thagartha AE: PDO-HR-02178-AM01 - 3.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Paška sol'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Chróit

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm/ainmneacha

An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Ní áirítear sa leasú ar an tsonraíocht táirge athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin. Níl aon riosca ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach táirgeachta sainithe ar neamhní, ná níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis an leasú.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

1. Leasú caighdeánach ar phointe 2.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uim. 1

Baineann an leasú sin le ceannteideal an phointe.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

An ceannteideal ‘Paška sol – salann sáile mín’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Paška sol – salann sáile’.

Tuairisc: Scriosadh an focal ‘mín’ ón gceannteideal.

Réasúnú: Modhnaíodh an ceannteideal i gcomhréir le hathruithe a bhaineann le gránú forordaithe le haghaidh an tsalainn a bhaint. Rinneadh an leasú sin toisc gur baineadh srianta ar ghránú an tsalainn chun gur féidir leis an tuairisc ar Paška sol salann a tháirgtear trí mhodhanna tionsclaíocha agus traidisiúnta araon a chumhdach. Ní dhéanann an coigeartú sin ar an téarmaíocht a úsáidtear sa tuairisc ar an táirge difear do cháilíocht, do thionscnamh ná do bharántúlacht an táirge.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

2. Leasú caighdeánach ar phointe 2.1.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 2

Baineann an leasú sin le sainiú ginearálta an táirge.

Téacs phointe 2.1.1.:

‘Is ó sháile Bhá Pag ar oileán Pag a fhaightear an salann sáile mín “Paška sol”. Táirgtear é trí sháile tiubhaithe a ghalú i linnte galaithe, áit a dtáirgeann criostalú i gcóras dúnta salann sáile.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Faightear an salann sáile “Paška sol” ó sháile Bhá Pag ar oileán Pag. Táirgtear é trí sháile tiubhaithe a ghalú i linnte galaithe, áit a dtáirgeann criostalú i linnte salainn nó i gcóras dúnta salann sáile.’

Tuairisc: Ionchorpraíodh leis an leasú sin modh breise chun sáile a chriostalú, is é sin i linnte salainn.

Réasúnú: Trí thabhairt isteach an mhodha chlasaicigh, i.e. an modh traidisiúnta táirgthe, is féidir gránú níos gairbhe a bheith ag ‘Paška sol’ ná mar a bhí forordaithe go dtí seo. Ní athraíonn sin a cháilíocht intreach ná barántúlacht an táirge; ina ionad sin, leathnaíonn sé an raon bealaí inar féidir é a fháil, rud a cheadaíonn níos mó solúbthachta agus caomhnú modhanna traidisiúnta.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

3. Leasú caighdeánach ar phointe 2.1.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 3

Baineann an leasú sin le tuairisc an táirge chríochnaithe.

An téacs agus an tábla faoi phointe 2.1.2.:

‘Faightear an salann sáile mín “Paška sol” i bhfoirm criostail bheaga, rialta chiúbchruthacha a mbíonn dath bán orthu agus ina mbíonn mianraí agus riandúile (Iarscríbhinn 1.1. Tuarascálacha anailíseacha). Bíonn méid an chuid is mó de na criostail suas le 1 mm, ionas gur féidir le > 98 % de na criostail ar fad dul trí chriathar ina bhfuil méid mhogaill 1,3 mm. Bíonn blas tiubhaithe, goirt, saor ó shearbhas air.

Comhdhéanamh:

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 98,0
Cion taise (%)	< 0,40
Maignéisiam (%)	0,02-0,20
Cailciam (%)	0,01-0,10
Potaisiam (%)	> 0,02
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25
Luaidhe (mg/kg)	< 0,20
Mearcair (mg/kg):	< 0,10
Gránú	Is é < 2% an t-iarmhar ar chriathar atá 1.3 mm ar trastomhas.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina n-ionad:

'Faightear an salann sáile "Paška sol" i bhfoirm criostail rialta, chiúb-chruthach a mbíonn dath bán orthu agus ina mbíonn mianraí agus riandúile (Iarscríbhinn 1.1. Tuarascálacha anailíseacha). Bíonn blas tiubhaithe, goirt, saor ó shearbhas air.

Comhdhéanamh:

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 97,0
Cion taise (%)	< 5,0
Maignéisiam (%)	> 0,02
Cailciam (%)	> 0,01
Potaisiam (%)	> 0,02
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25
Luaidhe (mg/kg)	< 0,20
Mearcair (mg/kg):	< 0,10'

Tuairisc: is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal 'mín' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'sáile' agus an focal 'bheaga' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'criostail'. Bhí sé i gceist leis freisin an abairt 'Bíonn méid an chuid is mó de na criostail suas le 1 mm, ionas gur féidir le > 98 % de na criostail ar fad dul trí chriathar ina bhfuil méid mhogaill 1,3 mm.' a scriosadh. Ba é a bhí i gceist leis freisin athruithe a dhéanamh ar luachanna na bparaiméadar seo a leanas sa tábla: 'Cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)', 'Cion taise (%)', 'Maignéisiam (%)', agus 'Cailciam (%)', agus scriosadh an paraiméadar 'Gránú'.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin chun deireadh a chur le srianta ar ghránú an táirge. Fágann sin gur féidir cur chuige aontaithe a ghlacadh i leith an táirge a shainiú, gan beann ar an modh criostalaithe a úsáideadh, cibé acu modh tionsclaíoch (ina mbaintear úsáid as criostalóir) nó modh traidisiúnta (ina mbailítear criostail ó linn). Tá na hathruithe go heisiach de chineál téarmaíochta agus ní dhéanann siad difear d'airíonna intreacha an táirge ná dá bharántúlacht gheografach agus thraidisiúnta; ina ionad sin, fágann siad go gceadaítear níos mó solúbthachta agus modhanna táirgthe éagsúla a chaomhnú faoin ainmniúchán céanna faoi chosaint. Ba é a spreag na hathruithe ar theorainneacha na bparaiméadar réamhluaite sa tábla na luachanna le haghaidh na mianraí maignéisiam, potaisiam agus cailciam a tomhaiseadh le linn na tréimhse roimhe sin a bheith níos airde uaireanta ná na luachanna a fhorordaítear sa tsonraíocht; tá sé sin inmhianaithe i ndáiríre, toisc go bhfuil cion níos ísle clóiríde sóidiam ann mar thoradh ar chion méadaithe na mianraí sin gan aon dochar a dhéanamh d'airíonna orgánaileipteacha an tsalainn.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

4. Leasú caighdeánach ar phointe 2.2.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 4

Baineann an leasú sin le sainiú ginearálta an táirge.

Téacs phointe 2.2.1.:

'Is toradh é an bláth salainn "Paška sol" ar an gcéim thosaigh de mhonarú salainn sáile mhín, i.e. le linn uisce sáile tiubhaithe a tháirgeadh.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Is toradh é an bláth salainn "Paška sol" ar an gcéim thosaigh de mhonarú salainn sáile, i.e. le linn uisce sáile tiubhaithe a tháirgeadh.'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú an focal 'mhín' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'sáile'.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin chun baint na srianta ar ghránú salainn a chur san áireamh mar gheall ar áireamh an mhodh tháirgthe chlasaicigh (i.e. traidisiúnta).

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

5. Leasú caighdeánach ar phointe 2.2.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 5

Baineann an leasú sin le tuairisc an táirge chríochnaithe.

Maidir leis an téacs sa tábla faoi phointe 2.2.2.:

'Bíonn cion níos airde mianraí ina chomhdhéanamh ag an mbláth salainn "Paška sol". Bíonn blas beagáinín milis air. Bíonn a uigeacht briosc agus an-sobhriste. Bíonn dath idir bán agus buí éadrom air mar gheall ar leibhéil arda mianraí. Bíonn blas sainiúil air, ní bhíonn sé chomh goirt le salann cócaireachta agus bíonn níos mó mianraí nádúrtha ann (maignéisiam, cailciam, potaisiam, iaidín). Bíonn gránú an bhlátha salainn "Paška sol" níos gairbhe ná gránú shalann sáile mín "Paška sol"; bíonn cruth calóg ar a chriostail agus déantar mionbhruar díobh go héasca nuair a chuimlítear idir barra na méar iad (Iarscríbhinn 1.2. Tuarascálacha anailíseacha).

Comhdhéanamh:

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 97,0
Cion taise (%)	< 2,00
Maignéisiam (%)	> 0,07
Cailciam (%)	0,02-0,20
Potaisiam (%)	> 0,05
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25
Luaidhe (mg/kg)	< 0,30
Mearcair (mg/kg):	< 0,10'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Bíonn cion níos airde mianraí ina chomhdhéanamh ag an mbláth salainn "Paška sol". Bíonn blas beagáinín milis air. Bíonn a uigeacht briosc agus an-sobhriste. Bíonn dath idir bán agus buí éadrom air mar gheall ar leibhéil arda mianraí. Bíonn blas sainiúil air, ní bhíonn sé chomh goirt le salann cócaireachta agus bíonn níos mó mianraí nádúrtha ann (maignéisiam, cailciam, potaisiam, iaidín). Bíonn cruth calóg ar a chriostail agus déantar mionbhruar díobh go héasca nuair a chuimlítear idir barra na méar iad. (Iarscríbhinn 1.2. Tuarascálacha anailíseacha).

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 92,0
Cion taise (%)	< 7,00
Maignéisiam (%)	> 0,07
Cailciam (%)	> 0,02
Potaisiam (%)	> 0,05
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25
Luaidhe (mg/kg)	< 0,30
Mearcair (mg/kg):	< 0.10'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an chuid den abairt 'Bíonn gránú an bhlátha salainn "Paška sol" níos gairbhe ná gránú an tsalainn sáile mhín "Paška sol";' a scriosadh agus rinneadh an chuid eile den abairt tar éis na camóige [sic] a nascadh leis an abairt roimhe sin, ar scriosadh an lánstad ag a deireadh agus ar cuireadh camóg isteach inti [sic]. Is é a bhí i gceist leis an leasú sin athruithe a dhéanamh ar luachanna na bparaiméadar seo a leanas sa tábla: 'An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)', 'Cion taise (%)' agus 'Cailciam (%)'.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn. Ba é a spreag na hathruithe ar theorainneacha na bparaiméadar réamhluaite sa tábla na luachanna le haghaidh na mianraí maignéisiam, potaisiam agus cailciam a tomhaiseadh le linn na tréimhse roimhe sin a bheith níos airde uaireanta ná na luachanna a fhorordaítear sa tsonraíocht; tá sé sin inmhianaithe i ndáiríre, toisc go bhfuil cion níos ísle clóiríde sóidiam ann mar thoradh ar chion méadaithe na mianraí sin gan aon dochar a dhéanamh d'airíonna orgánaileipteacha an tsalainn. Tháinig sé chun solais gurb amhlaidh, mar gheall ar an athrú aeráide, nach leor a thuilleadh an bláth salainn a thriomú sa ghrian ar feadh cuid áirithe den lá chun an cion taise is gá a bhaint as. Ar an gcúis sin, tá an cion taise méadaithe anois; ní dhéanann sé sin difear, áfach, d'airíonna orgánaileipteacha an bhlátha salainn.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

6. Leasú caighdeánach ar phointe 4 den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 6

Baineann an leasú sin leis an gcruthúnas tionscnaimh.

Maidir leis an téacs faoi phointe 4:

'De bhun an Rúin ón Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha maidir le saothrú amhábhar mianrach, is ag Solana Pag amháin atá an t-údarú uisce sáile a shaothrú ó Bhá Pag chun salann sáile mín agus bláth salainn "Paška sol" a tháirgeadh. Is é uisce sáile ó Bhá Pag an t-aon amhábhar a úsáidtear chun "Paška sol" a tháirgeadh.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘De bhun an Rúin ón Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha maidir le saothrú amhábhar mianrach, is ag Solana Pag amháin atá an t-údarú uisce saile a shaothrú ó Bhá Pag chun salann saile agus bláth salainn “Paška sol” a tháirgeadh. Is é uisce sáile ó Bhá Pag an t-aon amhábhar a úsáidtear chun “Paška sol” a tháirgeadh.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

7. Leasú caighdeánach ar phointe 4 den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 7

Baineann an leasú sin leis an gcruthúnas tionscnaimh.

Maidir leis an téacs i bpointe 4:

‘Sa chomhad “Sonraí oibríochtúla maidir le criostalú tionsclaíoch” (Iarscríbhinn 4c) tá faisnéis ann maidir le tiúchan an mháthair-licéir, maidir leis an mbrú agus maidir leis an teocht sna folúsghalaitheoirí, maidir le cainníocht shalann sáile mín “Paška sol” a tháirgtear, maidir leis an teocht sa chuasán triomúcháin, maidir le cion taise an tsalainn agus maidir le paraiméadair eile a úsáidtear chun a sheiceáil go bhfuil an trealamh ag oibriú i gcomhréir leis na paraiméadair áirithe. Coinnítear comhad freisin de na cainníochtaí uile de “Paška sol” pacáistithe (Iarscríbhinn 4e).’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Sa chomhad “Sonraí oibríochtúla maidir le criostalú tionsclaíoch” (Iarscríbhinn 4c) tá faisnéis ann maidir le tiúchan an mháthair-licéir, maidir leis an mbrú agus maidir leis an teocht sna folúsghalaitheoirí, maidir le cainníocht shalann sáile “Paška sol” a tháirgtear, maidir leis an teocht sa chuasán triomúcháin, maidir le cion taise an tsalainn agus maidir le paraiméadair eile a úsáidtear chun a sheiceáil go bhfuil an trealamh ag oibriú i gcomhréir leis na paraiméadair áirithe. Coinnítear comhad freisin de na cainníochtaí uile de “Paška sol” pacáistithe (Iarscríbhinn 4e).’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

8. Leasú caighdeánach ar phointe 5.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 8

Baineann an leasú sin leis an teideal.

Maidir leis an téacs i bpointe 5.1.:

‘Modh táirgthe shalann sáile mín “Paška sol”’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Modh táirgthe shalann sáile “Paška sol”’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

9. Leasú caighdeánach ar phointe 5.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 9

Baineann an leasú sin le modh táirgthe shalann sáile 'Paška sol'.

Maidir leis an téacs i bpointe 5.1.:

'Sa chéad chuid den phróiseas chun "Paška sol" a tháirgeadh, doirteann uisce sáile ó Bhá Pag go leanúnach isteach i gcóras linnte galaithe éadomhain agus dúnta agus nochtar é d'éifeachtaí na gréine agus na gaoithe i bpannaí salainn Pag. Sa dara cuid, cuirtear uisce sáile sáithithe isteach sa trealamh folúis galaithe, áit a dtarlaíonn criostalú shalann sáile mín "Paška sol" ó uisce saile tiubhaithe faoi dhálaí rialaithe (Iarscríbhinn 4 Sreabhchairt maidir le táirgeadh salainn).'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Sa chéad chuid den phróiseas chun "Paška sol" a tháirgeadh, doirteann uisce sáile ó Bhá Pag go leanúnach isteach i gcóras linnte galaithe éadomhain agus dúnta agus nochtar é d'éifeachtaí na gréine agus na gaoithe i bpannaí salainn Pag. Sa dara cuid, cuirtear uisce sáile sáithithe isteach sa trealamh folúis galaithe, áit a dtarlaíonn criostalú shalann sáile "Paška sol" ó uisce sáile tiubhaithe faoi dhálaí rialaithe (Iarscríbhinn 4 Sreabhchairt maidir le táirgeadh salainn).'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal 'mín' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'sáile'.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

10. Leasú caighdeánach ar phointe 5.1.1. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 10

Baineann an leasú sin le táirgeadh uisce sáile tiubhaithe (sáile).

Maidir le téacs phointe 5.1.1.:

'Bailíonn uisce sáile (sáile) sárthiubhaithe nó tiubhaithe i linnte carntha, agus aistrítear é ón áit sin chuig umair fotha an trealaimh fholúsghalaithe de réir mar is gá de réir riachtanais táirgthe.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Bailíonn uisce sáile (sáile) sárthuibhithe nó sáithithe i linnte carntha.'

Tuairisc: Is é atá i gceist leis an leasú sin camóg agus an chuid den abairt tar éis na camóige a scriosadh agus lánstad a chur in ionad na camóige.

Réasúnú: Tá an téacs iomarcach toisc gur féidir uisce sáile sáithithe a aistriú ó na linnte carntha chuig linnte criostalaithe nó chuig gléasra folúsghalaithe.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

11. Leasú caighdeánach ar phointe 5.1.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 11

Baineann an leasú sin le criostalú an tsalainn i bhfolúsghalaitheoirí.

Maidir le téacs phointe 5.1.2.:

‘Cuirtear tús le táirgeadh an tsalainn sáile mhín “Paška sol” i ngléasra nuair a tháirgtear méid leordhóthanach uisce sáile sháithithe sna linnte galaithe, rud a tharlaíonn go minic i gcomhthráth le tús an tsamhraidh (Meitheamh agus Iúil), agus a mhaireann go dtí go mbíonn na dálaí ann chun deireadh a chur leis an obair (nuair a bhíonn an trádstóras iomlán, nuair a bhíonn an t-uisce sáile sáithithe uile ídithe, etc.).’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Cuirtear tús le táirgeadh an tsalainn sáile “Paška sol” i ngléasra nuair a tháirgtear méid leordhóthanach uisce sáile sháithithe sna linnte galaithe, rud a tharlaíonn go minic i gcomhthráth le tús an tsamhraidh (Meitheamh agus Iúil), agus a mhaireann go dtí go mbíonn na dálaí ann chun deireadh a chur leis an obair (nuair a bhíonn an trádstóras iomlán, nuair a bhíonn an t-uisce sáile sáithithe uile ídithe, etc.).’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

12. Leasú caighdeánach ar phointe 5.1.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 12

Baineann an leasú sin le criostalú an tsalainn i bhfolúsghalaitheoirí.

Maidir le téacs phointe 5.1.2.:

‘Faightear an táirge críochnaithe, is é sin, salann sáile mín “Paška sol”, trí bhíthin an phróisis criathraithe a dhéantar ag an deireadh.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Faightear an táirge críochnaithe, is é sin, salann sáile “Paška sol”, trí bhíthin an phróisis criathraithe a dhéantar ag an deireadh.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

13. Leasú caighdeánach ar phointe 5.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 13

Baineann an leasú sin le modh táirgthe an bhlátha salainn ‘Paška sol’.

Maidir leis an téacs faoi phointe 5.2.:

'Buantar an bláth salainn ó achar dromchla thart ar 1 000 m^2.'

rinneadh é a scriosadh.

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an abairt thuas a scriosadh.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir leis na riachtanais táirgthe. Is léir ón taithí a fuarthas nach gá limistéar táirgeachta an bhlátha salainn a theorannú do líon sonrach méadar cearnach, ós rud é go mbraitheann an táirgeadh ar an éileamh agus go bhfuil go leor achar dromchla ann, agus tuilleadh lena chois, chun na riachtanais sin a shásamh.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

14. Leasú caighdeánach ar phointe 5.3. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 14

Baineann an leasú sin le criostalú salainn sáile i linnte.

Cuirtear pointe 5.3. isteach i ndiaidh phointe 5.2. Criostalú salainn sáile i linnte

'Doirteann uisce sáile ó Bhá Pag go leanúnach isteach i gcóras linnte galaithe éadomhain agus dúnta. Mar thoradh ar thionchar na gréine agus na gaoithe, tarlaíonn galú an uisce de réir a chéile agus nuair a bhaintear an leibhéal sáithithe is gá amach, tosaíonn salann ag criostalú sna linnte. Tar éis sraith leordhóthanach criostal a bheith foirmithe, buantar an salann de láimh nó le meaisín. Mar thoradh ar bhuain láimhe bíonn salann sáile neamhscagtha ann a thriomaítear sa riocht sin faoin ngrian agus a stóráiltear i málaí, óna ndéantar é a phacáistiú de láimh ansin. Déantar meaisínbhuain le cuidiú ó mheaisín agus stóráiltear an salann i gcairn chun tuilleadh próiseála a dhéanamh air. Tar éis an salann a dhraenáil, nitear é i sruth uisce sáile sáithithe, déantar é a lártheifneoiriú, a thriomú, a chriathrú agus a chur i bpacáistí. Mar gheall ar chineál an phróisis, bíonn gránú na gcriostal níos gairbhe ar dtús agus, dá bhrí sin, déantar iad a mheilt, i gcás inar gá sin, chun an méid inmhianaithe a bhaint amach.'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin pointe nua 5.3 a chur isteach.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le leasuithe a bhaineann le nós imeachta nua a thabhairt isteach maidir le salann sáile a tháirgeadh. Cuireadh pointe 5.3. isteach chun tuairisc a thabhairt ar an modh clasaiceach nó traidisiúnta chun salann sáile a tháirgeadh, ar modh é arb é atá i gceist leis an salann a bhailiú ó linnte. Tá sé cruthaithe go bhfuil an teicneolaíocht chun salann sáile a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an modh clasaiceach nó traidisiúnta níos tíosaí ar fhuinneamh agus, an tráth céanna, go mbaintear amach an cháilíocht chéanna salainn nó cáilíocht salainn níos fearr fós. Cumasaíonn sé táirgeadh níos fearr agus níos éifeachtúla agus bíonn an lorg CO_2 atá ann i bhfad níos lú (i gcás pannaí salainn Pag, is é sin 1 000 t CO_2 níos lú ar an meán in aghaidh na bliana).

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

15. Leasú caighdeánach ar phointe 6.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 15

Baineann an leasú sin le mionsonraí ar cháilíocht an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.2.:

'Bíonn salann sáile mín "Paška sol" sainiúil freisin i dtéarmaí a shaintréithe fisiceacha – a ghránú agus cruth a chriostal, a shaintréithe ceimiceacha – an tiúchan níos ísle miotal trom agus a shaintréithe orgánaileipteacha – chomh maith lena dhath agus lena bhlas saor ó shearbhas.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Bíonn salann sáile “Paška sol” sainiúil freisin i dtéarmaí a shaintréithe fisiceacha – agus cruth a chriostal, a shaintréithe ceimiceacha – an tiúchan níos ísle miotal trom agus a shaintréithe orgánaileipteacha – chomh maith lena dhath agus lena bhlas saor ó shearbhas.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’ agus na focail ‘a ghránú’ a scriosadh roimh an bhfocail ‘agus’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

16. Leasú caighdeánach ar phointe 6.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 16

Baineann an leasú sin le mionsonraí faoi cháilíocht an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.2.:

‘Ní mór salann sáile a fhaightear ar an mbealach traidisiúnta (criostalú i linnte) a mheilt, agus is gránú míchothrom é an salann a éiríonn as sin agus d’fhéadfadh eisíontais a bheith ann. Bíonn dath scothbhuí ar an gcineál salainn sin.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Bíonn gránú míchothrom ag salann sáile a fhaightear ar an mbealach traidisiúnta (criostalú i linnte) agus d’fhéadfadh ábhar coimhthíoch de thionscnamh nádúrtha a bheith ann.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin téacs nua a chur in ionad na chéad abairte. Scriosadh an abairt ‘Bíonn dath scothbhuí ar an gcineál salainn sin’.

Réasúnú: Tá an leasú sin i gcomhréir le hathruithe a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn. Ní athraíonn sin a cháilíocht intreach ná barántúlacht an táirge; ina ionad sin, méadaíonn sé an raon bealaí inar féidir é a fháil, rud a fhágann go gceadaítear níos mó solúbthachta agus caomhnú modhanna traidisiúnta. Ós rud é go dtagraíonn salann a fhaightear trí chriostalú tionsclaíoch agus trí shalann a bhailítear ó linnte don táirge bunaidh céanna, rinneadh na hathruithe ar an bpointe sin thar aon ní eile chun téarmaíocht a chomhchuibhiú, rud a chuir deireadh le srianta a bhí bainteach roimhe seo go heisiach le gránú amháin agus le méid criostail amháin. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil an salann sáile a bhailítear ó phannaí salainn Pag a úsáideann an modh traidisiúnta níos báine ná scothbhuí ó thaobh datha de.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

17. Leasú caighdeánach ar phointe 6.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 17

Baineann an leasú sin le mionsonraí faoi cháilíocht an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.2.:

‘Criostalaíonn an salann sáile mín “Paška sol” faoi dhálaí rialaithe i bhfolúsghalaitheoirí agus ní chuirtear faoi phróiseas meilte é; ina ionad sin, leanann a airíonna sonracha as a mhodh táirgthe agus as na dálaí nádúrtha fabhracha a bhaineann leis an limistéar ina dtáirgtear é.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Criostalaíonn salann sáile “Paška sol” faoi dhálaí rialaithe i bhfolúsghalaitheoirí agus ní chuirtear faoi phróiseas meilte é; ina ionad sin, leanann a airíonna sonracha as a mhodh táirgthe agus as na dálaí nádúrtha fabhracha a bhaineann leis an limistéar ina dtáirgtear é.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

18. Leasú caighdeánach ar phointe 6.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 18

Baineann an leasú sin le mionsonraí faoi cháilíocht an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.2.:

‘Bíonn sainiúlacht shalann sáile mín “Paška sol” ann go díreach mar thoradh ar a mhodh táirgthe, rud a fhágann go mbíonn an salann in ann gach mianra agus riandúil a bhíonn san uisce sáile ardcháilíochta a chaomhnú, agus foirm rialta, chiúb-chruthach criostail agus gránú 1,3 mm a bhaint amach gan gá lena meilt mar chuid den táirgeadh. Bíonn dath bán air agus bíonn blas tiubhaithe, goirt gan searbhas air.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Bíonn sainiúlacht shalann sáile “Paška sol” ann go díreach mar thoradh ar a mhodh táirgthe, rud a fhágann go mbíonn an salann in ann gach mianra agus riandúil a bhíonn san uisce sáile ardcháilíochta a chaomhnú, agus foirm rialta chiúb-chruthach criostail a bhaint amach. Bíonn dath bán air agus bíonn blas tiubhaithe, goirt gan searbhas air.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’ agus an chuid den abairt ‘agus gránú 1,3 mm a bhaint amach gan gá lena mheilt mar chuid den táirgeadh.’ a scriosadh.’

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn. Is é is aidhm don leasú sin deireadh a chur leis an srian a bhí ann roimhe seo agus a bhain go heisiach leis an táirge mínghráinneach, rud a chumasaíonn don ainmniúchán táirge faoi chosaint le haghaidh ‘Paška sol’ salann sáile a bhailítear ar an mbealach traidisiúnta a chumhdach freisin, ar salann sáile é lena ngabhann criostail ar gairbhe a ngránú ná an gránú a bhí forordaithe go dtí seo. Is athrú téarmaíochta é an t-athrú sin agus ní dhéanann sé difear do bhuntréithe an táirge; ina ionad sin, fágann sé gur féidir aitheantas níos leithne a thabhairt do na modhanna éagsúla chun an táirge a fháil i gcomhréir leis an traidisiún agus leis an tionscnamh geografach.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

19. Leasú caighdeánach ar phointe 6.2. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 19

Baineann an leasú sin le mionsonraí faoi cháilíocht an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.2.:

‘Bíonn an bláth salainn “Paška sol” an-sobhriste i gcomparáid leis an salann sáile mín “Paška sol”; déantar mionbhruar de go héasca nuair a chuimlítear idir barra na méar é agus bíonn gránú níos gairbhe aige. Bíonn leibhéil níos airde iaidín, cailciam, maignéisiam agus potaisiam nádúrtha ann.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Bíonn an bláth salainn "Paška sol" an-briosc i gcomparáid le salann sáile "Paška sol"; déantar mionbhruar de go héasca nuair a chuimlítear idir na méara é. Bíonn leibhéil níos airde iaidín nádúrtha, cailciam, maignéisiam agus potaisiam ann.'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal 'mín' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'sáile' agus an chuid den abairt 'agus bíonn gránú níos gairbhe aige'a scriosadh.

Réasúnú: Tá an leasú sin i gcomhréir le hathruithe a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn. Mar thoradh ar an leasú, ní gá comparáid a dhéanamh ar bhonn an pharaiméadair sin.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

20. Leasú caighdeánach ar phointe 6.3. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 20

Baineann an leasú sin leis an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.3.:

'Tá sainiúlacht mhodh táirgthe shalann sáile mín "Paška sol" bunaithe ar uisce sáile sáithithe a bheith ina luí ar feadh tamaill i linnte carntha sula dtéann sé faoi phróiseas criostalaithe rialaithe i bhfolúsghalaitheoirí.'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

'Tá sainiúlacht mhodh táirgthe an tsalainn sáile "Paška sol" bunaithe ar uisce sáile sháithithe a bheith ina luí ar feadh tamaill i linnte carntha.'

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal 'mín' a scriosadh i ndiaidh an fhocail 'sáile' agus an chuid den abairt 'sula dtéann sé faoi phróiseas criostalaithe rialaithe i bhfolúsghalaitheoirí' a scriosadh.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn. Fágann sin gur féidir cur chuige aontaithe a ghlacadh i leith an táirge a shainiú, gan beann ar an modh criostalaithe a úsáideadh, cibé acu modh tionsclaíoch (ina mbaintear úsáid as criostalóir) nó modh traidisiúnta (ina mbailítear criostail ó linn). Is de chineál téarmaíochta go heisiach iad na hathruithe agus ní dhéanann siad difear d'airíonna intreacha an táirge.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

21. Leasú caighdeánach ar phointe 6.3. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 21

Baineann an leasú sin leis an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.3.:

'Is é iarmhairt an mhodha táirgthe sin go mbíonn criostail salainn íona ann mar thoradh ar chriostalú rialaithe salainn, agus iad saor ó gach ábhar coimhthíoch de thionscnamh orgánach nó neamhorgánach; bíonn struchtúr ciúb-chruthach rialta orthu (ní bhriseann na criostail) agus bíonn blas tiubhaithe, goirt, gan searbhas orthu. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn cruth criostail an tsalainn ann mar thoradh ar shalann a chriostalú ó uisce sáile tiubhaithe amháin, rud a chiallaíonn nach salann meilte ná mínghlanta é "Paška sol".'

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Is é iarmhairt an mhodha táirgthe sin go mbíonn criostail salainn íona mar thoradh ar chriostalú rialaithe salainn, agus iad saor ó gach ábhar coimhthíoch de thionscnamh orgánach nó neamhorgánach; bíonn struchtúr ciúb-chruthach rialta orthu agus bíonn blas tiubhaithe, goirt, gan searbhas orthu. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn cruth criostail an tsalainn ann mar thoradh ar shalann a chriostalú ó uisce sáile tiubhaithe amháin, rud a chiallaíonn nach salann mínghlanta é “Paška sol”.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin na focail ‘meilte ná’ a scriosadh.

Réasúnú: Tá an leasú sin i gcomhréir le hathruithe a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn, ós rud é go mbeidh gá le gránú níos gairbhe chun críoch meilte chun gránú níos míne a fháil. Ní dhéanann sé sin difear d’airíonna intreacha an táirge ná dá bharántúlacht gheografach nó thraidisiúnta; ina ionad sin, fágann sé gur féidir níos mó solúbthachta a bheith ann agus modhanna táirgthe éagsúla a chaomhnú faoin ainmniúchán céanna faoi chosaint.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

22. Leasú caighdeánach ar phointe 6.3. den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasú Uimh. 22

Baineann an leasú sin leis an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus an táirge.

Maidir leis an téacs i bpointe 6.3.:

‘Bíonn uisce sáile Bhá Pag, as a dtáirgtear an salann sáile mín agus an bláth salainn, agus a thimpeallacht mhuirí, ar ardchaighdeán mar gheall ar luachanna ísle miotail throm, atá i bhfad faoi bhun mheán na Meánmhara, agus i bhfad níos ísle ná na meántiúchain a úsáidtear chun caighdeáin cháilíochta a chinneadh don timpeallacht mhuirí (Iarscríbhinn 2.1. Staidéar Eolaíoch, an Institiúid um Aigéineolaíocht agus Iascaigh, 2009, *Kakvoća morske vode u Paškom zaljevu* [Cáilíocht an uisce sáile i mBá Pag]). Dá réir sin, tá leibhéil i bhfad níos ísle miotal trom agus leibhéil mianraí níos airde ag “Paška sol” ná mar atá ag cineálacha eile salainn.’

cuireadh isteach an méid a leanas ina ionad:

‘Tá uisce sáile Bhá Pag, as a dtáirgtear an salann sáile agus an bláth salainn, agus a thimpeallacht muirí, ar ardchaighdeán mar gheall ar luachanna ísle miotail throm, atá i bhfad faoi bhun mheán na Meánmhara, agus i bhfad níos ísle ná na meántiúchain a úsáidtear chun caighdeáin cháilíochta a chinneadh don timpeallacht muirí (Iarscríbhinn 2.1. Staidéar Eolaíoch, an Institiúid um Aigéineolaíocht agus Iascaigh, 2009, *Kakvoća morske vode u Paškom zaljevu* [Cáilíocht an uisce sáile i mBá Pag]). Dá réir sin, tá leibhéil i bhfad níos ísle miotal trom agus leibhéil mianraí níos airde ag “Paška sol” freisin ná mar atá ag cineálacha eile salainn.’

Tuairisc: Is é a bhí i gceist leis an leasú sin an focal ‘mín’ a scriosadh i ndiaidh an fhocail ‘sáile’.

Réasúnú: Rinneadh an leasú sin i gcomhréir le hathrú a bhaineann le deireadh a chur le srianta ar ghránú an tsalainn.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Paška sol’

Uimhir thagartha AE: PDO-HR-02178-AM01 - 3.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Paška sol’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach sainithe**

an Chróit

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

2501 - Salainn (lena n-áirítear salann boird agus salann dínádúraithe) agus clóiríd sóidiam íon, cibé acu an bhfuil siad i dtuaslagán uiscí nó nach bhfuil nó an bhfuil oibreáin frithstolptha nó oibreáin saorshreafa curtha leo nó nach bhfuil; Uisce sáile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is salann sáile é 'Paška sol' a fhaightear ó uisce sáile Bhá Pag a dhoirteann go leanúnach isteach i gcóras linnte galaithe go dtí go gcriostalaítear é i bpannaí salainn oileán Pag. Bíonn sé i bhfoirm criostail rialta, chiúb-chruthach a mbíonn dath bán orthu agus ina mbíonn mianraí agus riandúile. Bíonn blas tiubhaithe, goirt, saor ó shearbhas air.

Comhdhéanamh:

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 97,0
Cion taise (%)	< 0,40
Maignéisiam (%)	> 0,02
Cailciam (%)	> 0,01
Potaisiam (%)	> 0,02
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25
Luaidhe (mg/kg)	< 0.2
Mearcair (mg/kg):	< 0.1

Is toradh é an bláth salainn 'Paška sol' ar an gcéim thosaigh de mhonarú salainn sáile, i.e. le linn uisce sáile tiubhaithe a tháirgeadh. Bíonn blas beagáinín milis air. Bíonn a uigeacht briosc agus an-sobhriste. Bíonn dath idir bán agus buí éadrom air mar gheall ar leibhéil arda mianraí. Bíonn blas sainiúil air, ní bhíonn sé chomh goirt le salann cócaireachta agus bíonn níos mó mianraí nádúrtha ann (maignéisiam, cailciam, potaisiam, iaidín); bíonn cruth calóg ar a chriostail agus déantar mionbhruar go héasca díobh nuair a chuimlítear idir barra na méar iad.

Comhdhéanamh:

An cion clóiríde sóidiam in ábhar tirim iomlán (%)	> 96,0
Cion taise (%)	< 3,00
Maignéisiam (%)	> 0,07
Cailciam (%)	> 0,02
Potaisiam (%)	> 0,05
Arsanaic (mg/kg)	< 0,25
Caidmiam (mg/kg)	< 0,25

Luaidhe (mg/kg)	< 0.3
Mearcair (mg/kg):	< 0.1

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach próiseas i dtáirgeadh 'Paška sol', ó úsáid linnte na bpanna salainn go próiseáil an tsalainn (táirgeadh uisce sáile thiubhaithe, criostalú, triomú agus criathrú), a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Táirgtear 'Paška sol' i bpannaí salainn Pag i mBá Pag atá timpeallaithe ar gach taobh ag talamh oileán Pag. Tá Bá Pag nasctha le huiscí Chainéal Velebit ag Caolas Pag. Tá pannaí salainn Pag suite 3 km ó bhaile Pag agus tá siad laistigh de theorainneacha riaracháin Chontae Zadar.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Éiríonn saintréithe sonracha 'Paška sol' as dálaí aeráide an limistéir gheografaigh shainithe agus as pannaí salainn Pag a bheith suite i suíomh iargúlta, i bhfad ar shiúl ó aon tionscal trom nó ó aon ghníomhaíocht talmhaíochta throm.

Tá limistéar iomlán oileán Pag sainiúil, go príomha toisc gur oileán é, agus go bhfuil na pannaí salainn suite i suíomh ar leith Bhá Pag, atá timpeallaithe ar gach taobh ag mais talún an oileáin. De bhreis air sin, tá iompar an tsalainn a tháirgtear ansin measartha éasca, ós rud é go bhfuil Pag nasctha leis an mórthír le droichead.

Baineann an limistéar geografach sainithe leas as aeráid chineálta na Meánmhara den chuid is mó lena ngabhann frasaíocht íseal agus níos mó ná 2 500 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Bíonn samhraí tirime te agus geimhrí cineálta fliucha ann mar thoradh ar aeráid chineálta na Meánmhara.

Gineann suíomh geografach idéalach oileán Pag agus a phannaí salainn gar do shliabh Velebit malartú leanúnach tapa aeir a éiríonn as sreabhadh nádúrtha an Maestral (gaoth aniar aduaidh a shéideann i rith an lae), agus an Burin (gaoth anoir aduaidh a shéideann go luath sa tráthnóna agus san oíche). Is gaoth úr í an Maestral agus bíonn aimsir chobhsaí ann in éineacht léi rud a mhaolaíonn teas brothallach an tsamhraidh, ach is gaoth lag oíche í an Burin a shéideann ón talamh i dtreo na farraige.

Tá an limistéar ollmhór iomlán ar a bhfuil pannaí salainn Pag suite, agus cuas éadomhain mór Bhá Pag atá timpeall ar na pannaí salainn clúdaithe le dúrabhán tiubh neamhscagach, atá fabhrach go háirithe do tháirgeadh 'Paška sol'.

Éiríonn sainiúlacht ‘Paška sol’ as tosca daonna freisin. Cuireadh teicnící speisialta agus saineolas an ‘vodari’ (mar a thagraíonn muintir áitiúil Pag dóibh) maidir le linnte salainn a chothabháil agus sáile a fháil ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Le blianta fada taithí, tá saineolas an ‘vodari’ i dtaobh conas an tráth is fearr a chinneadh chun an bláth salainn a bhuain gan cur isteach ar an gcothromaíocht ar dhromchla an uisce sáile sáithithe nó an tsáile, agus a sheachaint tonnta a dhéanamh lena stróictear an ‘screamh’ criostalaithe ar dhromchla an linne nó criostail an bhlátha salainn. Ar an mbealach sin, coisctear an bláth salainn titim go dtí an grinneall agus a bheith curtha amú.

Sainiúlacht an táirge

Criostalaíonn salann sáile ‘Paška sol’ i linnte nó faoi dhálaí rialaithe i bhfolúsghalaitheoirí; éiríonn a airíonna sonracha as a mhodh táirgthe amháin, rud a chuidíonn leis an salann na mianraí agus na riandúile uile atá ann san uisce sáile ardcháilíochta a chaomhnú. Bíonn salann sáile ‘Paška sol’ go hiomlán bán, agus gabhann criostail chiúb-chruthacha rialta leis; d’fhéadfadh criostail lena ngabhann gránuithe agus eisíontais éagsúla de thionscnamh nádúrtha a bheith ann; bíonn dath bán air.

Is é atá i mbláth salainn ‘Paška sol’ criostail an-bheag a bhfuil dath nádúrtha bán go buí éadrom orthu mar gheall ar chriostalú nádúrtha ar dhromchla na mara i linnte salainn faoi dhálaí idéalacha (aimsir an-ghrianmhar agus the gan aon ghaoth agus gan aon fhrasaíocht). Ní dhéantar ach an tsraith uachtair thanaí de chriostail chalógacha a bhuain nó a bhailiú le huirlis láimhe thraidisiúnta – líon ina bhfuil hanla adhmaid atá ceangailte de fhráma lainne sluasaide atá cumhdaithe le mogall miotail dosmálta ina bhfuil poill an-mhín. Ní bhuantar an bláth salainn ach ar feadh cúpla uair an chloig go luath ar maidin agus amach sa tráthnóna; ina dhiaidh sin, déantar é a thriomú faoin ngrian. Bíonn an bláth salainn ‘Paška sol’ an-sobhriste i gcomparáid le salann sáile ‘Paška sol’; déantar mionbhruar de go héasca nuair a chuimlítear idir na méara é. Bíonn leibhéil níos airde iaidín, cailciam, maignéisiam agus potaisiam nádúrtha ann.

I gcomparáid le salainn sáile eile a bhfuil taighde déanta maidir leo, tá cion na miotal trom in ‘Paška sol’ céad uair níos ísle ná mar a cheadaítear, ach tá cion na mianraí níos airde ann ná mar atá i salainn eile a tháirgtear i bhfolúsghalaitheoirí (staidéar eolaíoch, Lárionad Taighde Mhuirí (CMR) Institiúid Ruder Bošković, 2011, ‘Cáilíocht an uisce sáile i mBá Pag’).

Téann na chéad taifid scríofa ar tháirgeadh ‘Paška sol’ i bhfad siar sa stair. Deir na húdair Koludrović agus Franić gur luadh ‘Paška sol’ chomh fada siar leis an 9ú haois: ‘Fíor-riachtanach chun daoine agus beostoc a bheathú, tosaíodh ar an salann a thrádáil go han-luath, agus tugadh sonraí sna doiciméid nótaire is sine maidir le ceannach agus díol “Paška sol”’. (Koludrović A., Franić M., *Sol i morske solane*, 1954, Ságrab). Scríobh Usmiani, údar an leabhair *Paška solana – proizvodnja i trgovina od 1797. do 1813.*, an méid seo a leanas: ‘Bhí “Paška sol” á thomhailt riamh sa Veinéis, ós rud é go raibh sé bán agus íon, agus bhí an-tábhacht ag baint leis in acmhainneacht fhoriomlán trádála agus airgeadais an réigiúin, go háirithe acmhainneacht Pag é féin’ (Usmiani A., *Paška solana – proizvodnja i trgovina od 1797. do 1813. godine* [Pannaí salainn Pag – táirgeadh agus trádáil ó 1797 go 1813], 1984). Úsáideadh an t-ainm ‘Paška sol’ riamh, mar is léir ó dhoiciméid stairiúla éagsúla, agus úsáidtear fós é sa teanga tráchtála agus laethúil (Račun Solane Pag).

Nasc cúisíoch idir an táirge agus an limistéar geografach

Maidir leis na heilimintí lena gcruthaítear miocraeráid réigiún geografach oileán Pag, suíomh fabhrach na bpannaí salainn, modh sonrach táirgthe an tsalainn sáile agus an bhlátha salainn agus maidir leis na céadta bliain traidisiúin a bhaineann le salann a tháirgeadh, déanann siad difear do cháilíocht shonrach an táirge deiridh, is é sin, ‘Paška sol’.

Tá na pannaí salainn nó na linnte ina luí i mbá éadomhain nádúrtha oileán Pag, áit a bhfuil na sruthanna lag. Tá grinneall an bhá clúdaithe le dúrabhán neamhscagach agus, mar sin, in éineacht le gaotha buana (an Maestral agus an Burin) a shéideann i míonna an earraigh agus an tsamhraidh, tá na dálaí fabhrach do ghalú tapa uisce sáile sna linnte agus do phannáil salainn.

Tá uisce sáile Bhá Pag thar a bheith íon agus dea-scagtha, ós rud é go bhfuil grinneall Bhá Pag lán le sliogéisc, ar íontóirí nádúrtha iad. Dá bhrí sin, tá luachanna an-íseal miotail throm ag an uisce sáile, ar leibhéil iad atá i bhfad faoi bhun mheán na Meánmhara, agus i bhfad níos ísle ná na tiúchain a úsáidtear chun caighdeáin cháilíochta a chinneadh don timpeallacht mhuirí (staidéar eolaíoch, an Lárionad um Thaighde Muirí (CMR) de chuid Institiúid Ruder Bošković, 2011, *Kvaliteta mora u Paškom zaljevu* [Cáilíocht an uisce sáile i mBá Pag]).

Tá sainiúlacht mhodh táirgthe ‘Paška sol’ ann ó tharla go mbíonn uisce sáile sáithithe ina luí ar feadh tamaill i linnte carntha sula ndéantar criostalú air. Mar thoradh air sin, níl aon eisíontas san uisce sáile sáithithe ar de thionscnamh orgánach ná neamhorgánach iad a chruthaíonn miocrorgánaigh mhuirí nó a iompraítear leis an ngaoth nó a iompraíonn éin agus a bheadh shil-leagtha ar ghrinneall na linne ina dhiaidh sin. Is é iarmhairt an mhodha shonraigh táirgthe sin go mbíonn criostail íona ann mar thoradh ar chriostalú rialaithe salainn, agus iad saor ó gach ábhar coimhthíoch de thionscnamh orgánach nó neamhorgánach; bíonn struchtúr ciúb-chruthach rialta orthu, bíonn siad bán, agus bíonn blas tiubhaithe, goirt, gan searbhas orthu.

Léirítear cáilíocht shonrach ‘Paška sol’ freisin leis an bhfíoras go dtagann uisce sáile Bhá Pag, óna dtáirgtear salann sáile agus an bláth salainn, faoi chatagóir uisce sáile agus timpeallachta muirí ar ardchaighdeán, ós rud é go mbíonn luachanna an-íseal miotail throm aige, agus go ndearnadh staidéir eolaíocha ar an mbonn sin. D’aimsigh an Institiúid um Aigéaneolaíocht agus Iascaigh, trí thaighde a léiríonn go bhfuil luachanna do mhiotail throma in uisce sáile Bhá Pag i bhfad níos ísle ná na meánluachanna do mhiotail throma sa Mheánmhuir. Dá réir sin, tá leibhéil i bhfad níos ísle miotal trom agus leibhéil mianraí níos airde ag ‘Paška sol’ ná mar atá ag cineálacha eile salainn (staidéar eolaíoch, an Institiúid um Aigéineolaíocht agus Iascaigh, Split, 2009, *Kakvoća morske vode u Paškom zaljevu* [Cáilíocht an uisce sáile i mBá Pag]).

De bhreis air sin, áirithíonn gníomhaithe daonna ardcháilíocht an táirge deiridh freisin, ós rud é go bhfuil traidisiún táirgthe shalann sáile agus bhláth salainn ‘Paška sol’ bunaithe ar scileanna agus ar chuid mhór blianta taithí maidir le linnte salainn a chothabháil agus maidir le sáile a fháil do táirge deiridh ‘Paška sol’.

Tagairt do sheoladh leictreonach (url) na sonraíochta foilsithe

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zoi-zozp-zts/dokumenti-zoi-zozp-zts/Izmijenjena%20Specifikacija%20proizvoda%202025.pdf